**03_02_b.mp3**

**Téipscript 3.2(B): Foghraíocht: '*s*' leathan agus '*s*' caol**

1. singil scartha
   pósta páiste
   singil siopa seo é páiste tuismitheoir
   scartha pósta scoil Sasanach Spáinneach is

**03_02_c.mp3**

**Téipscript 3.2(C): Foghraíocht: Dul siar ar '*d*' leathan agus '*d*' caol**

1. deirfiúr deartháir táimid Deirdre deichniúr
   duine cé mhéad

**03_03_b.mp3**

**Téipscript 3.3(B): Stádas pósta: Cluastuiscint**

1. Is mise Dealgán. Tá mé pósta le Ciara.
2. Is mise Danny. Níl mé pósta anois, tá mé colscartha.
3. Mairéad is ainm dom. Tá mé scartha.
4. Trevor is ainm dom. Tá mé pósta le Maria.
5. Is mise Maria, bean chéile Trevor.
6. Bróna is ainm dom. Níl mé pósta.
7. Is mise Declan. Lisa is ainm do mo bhean chéile.
8. Haigh! Is mise Sharon. Tá mé singil… An bhfuil tusa singil?

**03_05_a.mp3**

**Téipscript 3.5(A): Grianghraf den teaghlach**

Haigh! Is mise Ciara agus seo iad mo mhuintir: Máire, mo mháthair, agus m'athair, Seán. Tá deirfiúr amháin agam, Lorna. Tá sí pósta le Séamus. Tá beirt pháistí acu, Jack agus Patrick. Tá deartháir amháin agam freisin, Colm. Níl sé pósta go fóill; tá sé singil. Tá mé pósta le José. Is as an Spáinn dó. Tá beirt pháistí againn; mac amháin, José-Angel, agus iníon amháin, Orlagh.

**03_05_b.mp3**

**Téipscript: 3.5(B): Teaghlaigh éagsúla**

A haon: Is baintreach fir mé. Fuair mo bhean chéile bás cúpla bliain ó shin. Tá beirt iníonacha agam agus mac amháin. Táimid inár gcónaí i Luimneach. Tá m'athair ina chónaí linn le cúpla bliain anuas.

© OÉ Má Nuad

A dó: Tá cúigear i mo theaghlach, mo thuismitheoirí san áireamh. Séamus is ainm do m'athair agus Kitty is ainm do mo mháthair. Tá beirt deirfiúracha agam, Anna agus Lisa. Is é Jimmy mo pháirtí.

A trí: Irene is ainm dom. Tá beirt deirfiúracha agus beirt deartháireacha agam. Tá mé i mo chónaí gar do mo dheirfiúr, Sharon. Is duine singil mé. Tá mac óg agam, Tomás is ainm dó.

A ceathair: Is mise Muireann. Níl aon deartháir ná deirfiúr agam. Tá mé pósta le Paschal. Tá iníon amháin againn agus tá mo thuismitheoirí ina gcónaí linn freisin.

A cúig: Jonathan is ainm dom. Tá mé pósta le Simone le sé bliana anois. Is as an Fhrainc do Simone. Tá iníon amháin againn, Sarah, atá ceithre bliana d'aois agus táimid ag súil le páiste eile. Táimid inár gcónaí i gCorcaigh.

A sé: Is mise Simon. Tá mé colscartha ó mo chéad bhean chéile, Joan, agus tá mé pósta anois le Gina. Tá mac amháin agam agus tá beirt mhac ag Gina.

**03_06_f.mp3**

**Téipscript: 3.6(F): Teaghlaigh Aoife agus Bhreandáin**

| | |
|---|---|
| Aoife: | Haigh! Is mise Aoife. Nach tusa deartháir Alan? |
| Breandán: | Sea, is mise Breandán. An bhfuil aithne agat ar Alan? |
| Aoife: | Tá. Tá Alan mór le mo thuismitheoirí, Laura agus Frank. |
| Breandán: | Ó is tusa iníon Laura agus Frank! Tá sé go deas bualadh leat. |
| Aoife: | Cé mhéad deartháir atá agat? Deartháir amháin, an ea? |
| Breandán: | ‘Sea agus deirfiúr amháin. Síle is ainm di. Tá sí pósta le Morris agus tá iníon acu, Mairéad. |
| Aoife: | An bhfuil tú féin pósta? |
| Breandán: | Níl, tá mé singil. Agus tusa? |
| Aoife: | Tá mé singil freisin. |

© OÉ Má Nuad